

An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn: 2010 go 2015

An Roinn Oideachas agus Scileanna Samhain 2015

1. Réamhrá

Le cúig bliana anuas, tá an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ag comhlíonadh na ngealltanais mar atá leagtha síos i bplean forfheidhmithe na ROS faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ar bhonn céimnithe agus córasach. Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn atá déanta le linn na tréimhse seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Grúpa Ardleibhéil Idir-Rannach
- Oideachas Gaeltachta
- Forbairtí curaclaim
 - Bunleibhéal
 - Iar-bhunleibhéal
- Measúnacht
- COGG - Seirbhísí taca agus áiseanna
- Oideachas múinteoirí
- Naisc le húsáid na teanga lasmuigh den scoil
 - Coláistí Gaeilge
- Díolúintí ón nGaeilge
- Soláthar scoileanna lán-Ghaeilge
- Beartas don Ghaeilge sa tseirbhís phoiblí.

2. Grúpa Ardleibhéil Idir-Rannach

Bíonn comhoibriú leanúnach ar siúl idir an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG) chun eolas a roinnt agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais. Tagann an Grúpa Ardleibhéil Idir-Rannach atá bunaithe faoi choimirce na Straitéise 20 Bliain le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh sna beartais oideachasúla a luaitear sa Straitéis 20 Bliain agus iniúchadh a dhéanamh ar athruithe féideartha, lena n-áirítear forbairt polasaithe nua do scoileanna Gaeltachta agus do scoileanna lán-Ghaeilge. Tá ionadaithe de chuid na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar an ngrúpa ardleibhéil, lena n-áirítear an ROS, an REOG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Foras na Gaeilge, agus Údarás na Gaeltachta.

3. Oideachas Gaeltachta

Aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) an tábhacht shuntasach teangeolaíochta agus cultúrtha atá leis an nGaeltacht. I bhfianaise na ndúshlán atá roimh scoileanna Gaeltachta, chuir an ROS athbhreithniú ar oideachas Gaeltachta ar bun sa bhliain 2014. Is iad na cuspóirí a bhí ag an athbhreithniú seo ná roghanna polasaí a aithint chun oideachas ar ardchaighdeán a sholáthar i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna Gaeltachta mar a bhfuil próifílí teangeolaíochta éagsúla. Bhí sé mar chuspóir leis an athbhreithniú freisin polasaí na ROS a shoiléiriú maidir le teagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta. San athbhreithniú, tá iniúchadh déanta chomh maith ar thionchar

an tsoláthair réamhscoile ar an oideachas bunskoile i limistéir Ghaeltachta. Chuir an t-athbhreithniú seo le cur i ngníomh Acht na Gaeltachta 2012.

Rinneadh an t-athbhreithniú ar oideachas Gaeltachta ar bhonn comhairliúcháin agus bhí an Grúpa Ardleibhéil a bunaíodh faoin Straitéis 20 Bliain páirteach sa phróiseas comhairliúcháin sin.

Bhí a lán snáitheanna san athbhreithniú Gaeltachta, lena n-áirítear anailís ar an soláthar don oideachas réamhscoile, bunskoile agus iar-bhunscoile i limistéir Ghaeltachta agus anailís ar an éileamh air sin; athbhreithniú ar an taighde sa tír seo; athbhreithniú ar an taighde agus ar an mbeartas i ndlínsí eile; cás-staidéir i sampla de scoileanna; agus suirbhéanna ar pháirtithe leasmhara. Foilsíodh tuarascáil ar gach ceann de na snáitheanna agus baineadh leas as torthaí na dtuarascálacha sin sa tuarascáil dheiridh, *Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta*, a foilsíodh ag tús Bealtaine 2015. Tá teacht ar na Moltaí Polasaí seo in éineacht le hábhair chomhairliúcháin agus tuarascálacha taighde ag www.education.gov.ie.

Cuireadh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ar bun idir Bealtaine agus Deireadh Fómhair 2015. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, tugadh cuireadh do na páirtithe leasmhara uile suirbhé a líonadh, agus aighneachtaí scríofa a dhéanamh ar na moltaí polasaí don oideachas Gaeltachta. I Meitheamh 2015, tionóladh trí chruinniú comhairliúcháin faoi na moltaí polasaí i gCill Áirne, sa Spidéal agus i nGaoth Dobhair ar ar fhreastail níos mó ná 170 duine. Ba mhúinteoirí bunskoile agus iar-bhunscoile a bhformhór, chomh maith le hionadaithe ó eagraíochtaí pobail agus teanga, ionadaithe ó institiúidí oideachais áitiúla agus ionadaithe ó choistí pleanála teanga. Tionóladh sraith de chruinnithe comhairliúcháin leantacha sa ROS leis na grúpaí éagsúla earnála agus páirtithe leasmhara. Mar chuid de Dhíospóireachtaí Oscailte na Státseirbhíse, d'eagraigh an ROS fóram ar Pholasaí um Oideachas Gaeltachta ar an 19 Deireadh Fómhair 2015 i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG). Ba é cuspóir na díospóireachta oscailte polasaí seo ná machnamh agus iniúchadh a dhéanamh ar na mórthéamaí agus na mórcheisteanna atá ag teacht chun cinn as an bpróiseas comhairliúcháin ar an oideachas Gaeltachta. Díríodh aird ar leith ar na réimsí seo a leanas a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin:

- Struchtúr na scolaíochta sa Ghaeltacht ag an mbunleibhéal
- Struchtúr na scolaíochta sa Ghaeltacht ag an iar-bhunleibhéal
- Soláthar múinteoirí agus caighdeán múinteoirí
- Soláthar oideachais sna luath-bhlíanta
- Tacaíochtaí teanga do mhúinteoirí agus caighdeán na teanga i scoileanna Gaeltachta
- Ábhar oideachais agus an curaclam
- Tuismitheoirí ag tacú le scolaíocht Ghaeltachta
- Scolaíocht Ghaeltachta agus an próiseas pleanála teanga.

Tá teacht ar ábhair agus ar fhíseán d'imeachtaí an fhórait ar www.education.gov.ie.

Cuideoidh an plé le dréachtú pholasaí na ROS ar an oideachas Gaeltachta. Tá sé i gceist an polasaí ar an oideachas Gaeltachta a thabhairt chun críche i bhfianaise torthaí an phróisis chomhairliúcháin agus na ndíospóireachtaí oscailte, agus é a chur bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna agus an Rialtais go luath in 2016. Tá sé i gceist go bhfoilseofar an polasaí ar oideachas Gaeltachta in 2016.

4. Forbairtí curaclaim bunskoile

4.1 Bunleibhéal

Curaclam Teanga na Bunskoile

Tá an ghníomhaíocht ó thaobh curaclaim de ag leibhéal na bunskoile dírithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) ar churaclam teanga comhtháite a fhorbairt do naíonáin go rang a dó. Leagfar amach go soiléir sa churaclam seo na torthaí foghlama a bhainfidh na

daltaí amach ag céimeanna éagsúla dá gcuid bunscolaíochta. Déanfar idirdhealú idir torthaí foghlama sa Ghaeilge agus torthaí foghlama sa Bhéarla i gcás scoileanna lán-Bhéarla agus scoileanna lán-Ghaeilge araon.

Tá sé i gceist go bhfoilseofar an curaclam do naíonáin go rang a dó in éineacht le sampla ionadaíoch d'acmhainní tacaíochta do mhúinteoirí ar líne i mí na Nollag 2015. Beidh leagan crua den churaclam in éineacht le méaróg chuimhne de na hacmhainní tacaíochta go léir á seoladh chuig gach múinteoir agus gach ábhar oide go luath in 2016.

Beidh an curaclam teanga nua á chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán go rang a dó thar thréimhse dhá bhliain ó Mheán Fomhair 2016. Cuirfear clár tacaíochta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí chun cabhrú leo dul i dtaithí ar ábhar agus ar struchtúr an churaclaim agus pleanáil a dhéanamh dá gcuid teagaisc de réir an churaclaim.

Tosóidh obair ar fhorbairt an churaclaim teanga do ranganna a trí go ranganna a sé in 2016. Táthar ag súil go bhfoilseofar an chuid sin den churaclam faoi Mheán Fómhair 2018.

Tréimhse tumoideachais

Tá an ROS tar éis céimeanna a ghlacadh d'fhonn a polasaí ar an tumoideachas i mbunscoileanna a shoiléiriú. Tá sé luaite i gCuraclam Teanga na Bunscoile nua go mbeidh scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna Gaeltachta san áireamh, in ann tréimhse tumoideachais sa Ghaeilge a chur i ngníomh. Faoi na socruithe sin, beifear in ann teagasc an Bhéarla i scoileanna lán-Ghaeilge a chur siar go deireadh na naíonán sinsearach, ag brath ar fhaomhadh ó bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, leis na múinteoirí, agus le cumann na dtuismitheoirí. Faoi socrú seo, beidh solúbthacht ag scoileanna chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm agus aird chuí á díriú acu ar chúinsí a bhaineann le comhthéacs na scoile sin, agus ar riachtanais na ndaltaí.

Páirt-tumadh agus Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

Leagtar béim sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ar an bpáirt-tumadh a chur i ngníomh i ngach bunscoil. Tá ábhar tacaíochta ar leith ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun tacú le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla roinnt ábhar nó gnéithe d'ábhair a mhúineadh trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs an churaclaim teanga ar bhonn céimnithe.

4.2 Iar-bhunleibhéal

An tSraith Shóisearach nua – sonrúchán iomlán

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (COGG) tar éis dréacht-sonrúchán don Ghaeilge sa Sraith Shóisearach a ullmhú a fhreastalóidh ar scoláirí atá ag freastal ar scoileanna a mhúineann trí Bhéarla. Déanfar soláthar sa sonrúchán nua do mheasúnú ar an teanga labhartha. Léiriú is ea an méid sin ar thiomantas na ROS d'fhorbairt inniúlacht na bhfoghlaiméoirí sa teanga labhartha go háirithe.

Tá an CNCM ag déanamh tuilleadh iniúchaidh ar conas an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais na scoláirí sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, lena n-áirítear cainteoirí dúchais Gaeilge, ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí chun cur ar chumas na scoláirí seo an caighdeán inniúlachta teanga is fearr a bhaint amach. Thionóil an CNCM fóram comhairliúcháin ag tús Deireadh Fomhair 2015 chun an tsaincheist seo a phlé. I ngeall ar an obair fhorbartha bhreise hoibre seo, tá sé i gceist an sonrúchán Gaeilge don tSraith Shóisearach a thabhairt isteach anois in 2017.

5. Measúnacht

Tástáil chaighdeánaithe

Tá dhá shraith de thrialacha caighdeánaithe sa léitheoireacht Ghaeilge forbartha anois ag an bhForas Taighde ar Oideachas, sraith amháin do scoileanna a mhúineann trí Bhéarla agus ceann eile do

scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge. Tá úsáid na dtrialacha seo roghnach i scoileanna a mhúineann trí Bhéarla ach éigeantach ag deireadh rang 2, rang 4, agus rang 6 i gcás scoileanna lán-Ghaeilge. Tá iachall ar gach scoil lán-Ghaeilge torthaí na dtrialacha sin a thuairisciú do na tuismitheoirí agus do bhord bainistíochta na scoile. Tá sé de cheangal ar gach scoil freisin torthaí na dtrialacha a thuairisciú don ROS trí úsáid a bhaint as saoráid ar líne.

Tá sé beartaithe freisin leis an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011)* go gcuirfear tús le tástáil chaighdeánach lánchohórt ghnóthachtála don Bhéarla, don Mhatamaitic agus don Eolaíocht i scoileanna a bhíonn ag feidmiú trí mheán an Bhéarla sa dara bliain agus don Ghaeilge, don Bhéarla, don Mhatamaitic agus don Eolaíocht i scoileanna a bhíonn ag feidmiú trí mheán na Gaeilge. I ngeall ar an tionchar a bheidh aige seo ar mheasúnú do scoláirí na dara bliana, agus an gá na hathruithe eile a leabú sa mheasúnú ag an tsraith shóisearach, déanfaidh an ROS athbhreithniú ar an am, agus ar theacht isteach céimneach a léithéid de thástáil lánchohórt i scoileanna i gcomhthéacs an athbhreithnithe eatramhaigh ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

An Ghaeilge labhartha sa Teastas Sóisearach reatha

Ón mbliain 2010 i leith, tá athruithe déanta ar dháileadh na marcanna sna codanna éagsúla de scrúduithe Gaeilge an Teastais Shóisearaigh. An toradh a bhí ar na hathruithe sin ná gur tháinig méadú ar riar na marcanna a ghabhann leis an gcuid labhartha roghnach, ó 20% go 40%. Dá bharr sin, tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarrthóirí agus ar líon na scoileanna a ghlac páirt sa Bhéaltriail Roghnach Ghaeilge ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Bhí an bhéaltriail roghnach ar fáil in 16 scoil in 2007, 24 scoil sa bhliain 2009, 196 scoil in 2013, agus 309 scoil in 2015. Rinne 339 (1%) iarrthóir an bhéaltriail roghnach in 2007 i gcomparáid le 10,640 (20%) iarrthóir sa bhliain 2013, agus 16,529 (32%) iarrthóir sa bhliain 2015.

Athbhreithniú ar bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta

Sa bhliain 2012, athraíodh na socruithe measúnaithe don Ardteistiméireacht agus, dá bharr sin, tháinig méadú ar riar na marcanna a ghabhann leis an mbéaltriail ó 25% go 40%. Tá méadú mór tagtha, ó 33% in 2010 go 42% in 2015, ar líon na scoláirí a thógann an t-ardleibhéal i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an tionchar a bhí ag na socruithe measúnaithe leasaithe sin i bhfianaise a bhfuil le rá ag scoláirí a rinne an Ardteistiméireacht sa bhliain 2014 le hais na scoláirí a chuaigh faoi scrúdú sa bhliain 2011. Cuirfidh an An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) torthaí an athbhreithnithe seo san áireamh sna forbairtí curaclaim agus measúnaithe don tSraith Shinsearach amach anseo. Táthar ag súil go bhfoilseofar torthaí an taighde in 2016.

6. Seirbhísí taca agus acmhainní

De réir an tsainchúraim atá air, leanann An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) air maidir le:

- soláthar téacsleabhar agus acmhainní d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú. Soláthraíonn COGG raon dacmhainní ar bhonn leanúnach
- seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge, mar shampla, tá spárántachtaí á soláthar ag COGG do mhic léinn atá cláraithe ar an Máistreacht Oideachais don Oideachas lán-Ghaeilge
- maoiniú a dhéanamh ar cháipéisí taighde agus iad a fhoilsiú.

Ó mhí Iúil 2013, tá COGG comhlonnaithe leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Dá bharr seo, tá ar chumas CNM agus COGG comhoibriú le chéile ionas gur féidir curaclaim agus ábhair don Ghaeilge a fhorbairt i bpáirt le chéile. Mar shampla, tá comhaighneacht don ROS á hullmhú

ag COGG agus CNCM maidir le clár Gaeilge a fhorbairt a thacóidh le scoileanna agus le múinteoirí a mhúineann trí Bhéarla ag an mbunleibhéal an curaclam don Ghaeilge a sheachadadh.

Thug COGG tacaíocht don ROS i bhfeidhmiú líon áirithe snáitheanna den athbhreithniú ar Oideachas Gaeltachta atá idir lámha ag an ROS. Mar shampla, rinne COGG athbhreithniú ar obair thaighde a choimisiúnú a bhaineann le beartais náisiúnta agus cleachtas mar atá i ndlínsí eile atá inchomparáide le limistéir Ghaeltachta.

Tá bord nua COGG ceaptha agus leanfaidh téarma oifige na gcomhaltaí nua go deireadh 2018. I measc na dáréag chomhalta nua, áirítear ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge, ó Ghaelscoileanna Teoranta agus ó Údarás na Gaeltachta. Tá ról comhordaithe lárnach ag COGG maidir le forbairt an oideachais trí Ghaeilge agus le teagasc na Gaeilge lena chinntiú go mbíonn acmhainní teagaisc ar ardchaighdeán ag na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

I bhfianaise na gcúraimí ar leith maidir le soláthar acmhainní teagaisc a bheidh ar COGG ag eascairt as forbairtí don Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile agus na sraithe sóisearaí agus as an athbhreithniú ar an oideachas Gaeltachta, tá cead tugtha do COGG beirt oifigeach oideachais nua a cheapadh.

Clár do scoileanna a mhúineann trí Bhéarla

Tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ar na clár Ghaeilge atá ar fáil cheana féin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is fearr chun clár Gaeilge a dhearadh do scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla. Tá próiseas tosaithe ag COGG i gcomhpháirt leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le clár Gaeilge a ullmhú do scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla. Beidh oifigeach oideachais á fhostú ag COGG chun tabhairt faoin gnó sin.

Digitú Séideán Sí

Tá obair leanúnach ar siúl chun na hábhair léitheoireachta le haghaidh Séideán Sí, atá ar fáil i bhfoirm cruachóipe faoi láthair, a dhigitíú. Is clár Gaeilge comhtháite é Séideán Sí atá saindeartha chun tacú le teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus i mbunscoileanna Gaeltachta. Is iad Foras na Gaeilge agus an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann (CCEA) na príomh-chomhpháirtithe agus tá cúnaimh á thabhairt ag ROS, COGG agus dreamanna eile. Tá acmhainní digiteacha ar fáil do ranganna na naíonán ar www.seideansi.ie. Beidh fáil ag scoileanna ar na hábhair dhigitithe do rang a haon agus rang a dó ag deireadh mhí Eanáir 2016. Tá an obair tosaithe ar na hábhair dhigitithe do rang a trí agus ceathair faoi láthair.

7. Oideachas múinteoirí

Forbairt ghairmiúil leanúnach

Leanann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) de bheith ag tacú le múinteoirí chun curaclaim Ghaeilge a sheachadadh ag leibhéal na bunscoile agus leibhéal na hiar-bhunscoile araon. Leagtar béim ar leith ar thacaíocht sa scoil agus ar acmhainní tacaíochta a sholáthar ar líne. Cuirtear réimse imeachtaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ábhartha ar fáil bunaithe ar thosaíochtaí oideachais náisiúnta. Áirítear leo seo réimse leathan ceardlanna a chuimsíonn téamaí ábhartha. Ina theannta seo, eagraítear Tionól Teagaisc go bliantúil mar ócáid do mhúinteoirí chun dea-chleachtas a roinnt. Bhí múinteoirí bunscoile chomh maith le múinteoirí iar-bhunscoile páirteach sa Tionól in 2015.

Tá an tionscadal Thuaidh/Theas do Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta a bhí ar siúl ó 2010 idir an PDST agus an tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam (CASS) do mhúineadh na Gaeilge, ceannaireacht scoile, féinmheastóireacht scoile, agus ábhar matamaitice a dhearadh ag teacht chun críche in 2015/2016.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le FGL i gcomhthéacs sonrúchán nua na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge in 2016/2017, bliain chun tosaigh ar thabhairt isteach an tsonrúcháin sna scoileanna. Déanfar idirdhealú mar is cóir ar ábhar an FGL do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna a mhúineann trí Bhéarla.

Oideachas tosaigh múinteoirí

I mí Feabhra 2013, choimisiúnaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta suirbhé ar líne ar na critéir iontrála le haghaidh cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM). San áireamh anseo, bhí moladh go n-ardófaí an riachtanas iontrála sa Ghaeilge ó ghrád C3 i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta go dtí grád B. Níorbh fhéidir tátal cinnte a bhaint as torthaí an tsuirbhé sin trí chéile. Mar achoimre, cé gur chuir formhór na ndaoine a thug freagra ar an suirbhé in iúl go raibh siad sásta leis na critéir iontrála trí chéile, chuir tromlach in iúl freisin go raibh siad míshásta le gach ceann de na riachtanais le haghaidh na Matamaitice, an Bhéarla agus na Gaeilge. Chinn an Chomhairle nár thug sé sin bonn ceart ar a bhféadfaí comhairle a fhorbairt don Aire. Dá réir sin, choimisiúnaigh an Chomhairle taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar an ábhar. Tá tuarascáil faoin taighde seo le cur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta go luath.

Tá suim léirithe ag Institiúid Oideachais tríú leibhéal amháin ar a laghad maidir le cúrsa OTM a chur ar fáil trí Ghaeilge go hiomlán ag leibhéal na bunscoile. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, tá Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag iarraidh cur leis an inniúlacht atá aici soláthar OTM a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tacaíonn an ROS i bprionsabal lena leithéid de thograí agus féachfar ar na roghanna féideartha maidir le OTM trí Ghaeilge go mion agus bailchríoch á chur ag an ROS ar a Polasaí don Oideachas Gaeltachta; agus iniúchadh á dhéanamh ar indéantacht na roghanna féideartha éagsúla, ní mór aon tionchair iarmhartacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh, ar nós acmhainní agus soláthar múinteoirí.

Tréimhse foghlama sa Ghaeltacht

Tá fad curtha leis an oideachas tosaigh do mhúinteoirí. Cuimsíonn sé sin tréimhse níos faide sa Ghaeltacht (méadaithe ó thréimhse amháin trí seachtaine go dhá thréimhse coicise). Chomh maith leis na leasuithe atá déanta ar an tréimhse sa Ghaeltacht, tá soláthar don Ghaeilge neartaithe i gcoitinne mar chuid den athstruchtúrú iomlán atá déanta ar chlár oideachais tosaigh do mhúinteoirí.

I gcaitheamh na bliana 2013, bhí ROS ag plé le REOG agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta lena chinntiú go mbeadh creat níos comhtháite ann chun tacú le cur i ngníomh na tréimhse sa Ghaeltacht d'ábhar oidí faoi oiliúint. Tá comhshiolabas forbartha ag na soláthróirí OTM atá le húsáid ag gach dream a sholáthraíonn cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht do mhúinteoirí faoi oiliúint. Ina theannta sin, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta comhoibriú le soláthróirí cúrsaí a chuirfeadh soláthar idirdhealaithe ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfuil Gaeilge den scoth acu, mic léinn atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta san áireamh.

Luaitear raon de bheartais mholta sa doiciméad *Moltaí Polasaí don Oideachas Gaeltachta* chun soláthar oidí a fheabhsú d'earnáil an oideachais lán-Ghaeilge. Baineann na moltaí seo le le hOideachas Tosaigh Múinteoirí agus le Forbairt Ghairmúil Leanúnach do mhúinteoirí agus déanfar cioradh ar na féidearthachtaí uile agus bailchríoch á chur ar pholasaí na ROS ar an oideachas Gaeltachta.

Tuairisc ar sholáthar múinteoirí

Tá tuairisc á tabhairt chun críche ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar thaighde ar sholáthar múinteoirí i dtaca le múnla tuartha soláthair múinteoirí a fhorbairt. Áirítear soláthar múinteoirí san earnáil lán-Ghaeilge mar chuid den taighde sin. Sholáthraigh an Chomhairle Mhúinteoireachta tuairisc thosaigh ag deireadh 2014. Táthar ag súil go soláthrófar an tuairisc dheiridh maidir le soláthar ag an mbunleibhéal faoi dheireadh 2015. Tá tuilleadh iniúchaidh le déanamh ag an gComhairle ar cheist an tsoláthair ag an iar-bhunleibhéal.

8. Naisc le húsáid na teanga lasmuigh den scoil

Coláistí Gaeilge

Tacaíonn Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (REOG) trí mheastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon samplach de choláistí Gaeilge gach bliain. Go hiondúil, tugann cigirí cuairt ar an gceathrú cuid de na coláistí go bliantúil agus déantar athbhreithniú ar ghnéithe den soláthar lena n-áirítear bainistíocht agus ceannaireacht, an teagasc agus an fhoghlaim, agus éifeachtúlacht na n-imeachtaí teanga agus cultúrtha. In 2015, mar shampla, thug cigirí cuairt ar 32 chúrsa Gaeilge a bhí faoi stiúir coistí bainistíochta éagsúla agus a bhí lonnaithe i limistéir Ghaeltachta éagsúla.

Sa tuairisc ilchodach ar choláistí Gaeilge a foilsíodh in 2015, déantar cur síos ar cháilíocht agus éifeachtúlacht an tsoláthair oideachais agus aithnítear réimsí chun feabhais. Dírítear aird ar an ngá atá ag na coláistí le leanacht den soláthar oideachais atá á chur ar fáil acu do scoláirí a fheabhsú i gcónaí. Tá teacht ar an tuairisc ilchodach seo ag www.education.gov.ie.

Ullmhaíonn cigirí na ROS tuairiscí scríofa do REOG agus do bhainistíocht na gColáistí Gaeilge ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i ngach Coláiste Gaeilge ar a ndéantar meastóireacht. Cuireadh próiseas comhairliúcháin ar bun in 2015 leis na páirtithe leasmhara maidir le cuspóir na Cigireachta tuairiscí meastóireachta ar Choláistí Gaeilge aonair a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na ROS in 2016.

9. Soláthar do scoileanna lán-Ghaeilge

Scoileanna nua

De réir fhógra an Aire sa bhliain 2011, as 20 éigin bunscoil nua a bhí le bunú sa tréimhse go dtí 2015, bhí ceithre cinn le hainmniú ina scoileanna lán-Ghaeilge. Scoileanna lán-Ghaeilge a bheadh i dtrí cinn de na 17 n-iar-bhunscoil a bhí le bunú sa tréimhse go dtí 2014. Tá na spriocanna sin bainte amach.

Bunaíodh seacht mbunscoil nua sa bhliain 2012 agus scoil lán-Ghaeilge a bhí i gceann amháin acu sin; bunaíodh seacht scoil nua sa bhliain 2013 agus scoil lán-Ghaeilge a bhí i dtrí cinn acu sin. Bunaíodh dhá Ghaelcholáiste nua ag leibhéal na hiar-bhunscoile sa bhliain 2014 – Baile Brigín agus Baile an tSaoir/Dún Droma. Bunaíodh dhá aonad ag leibhéal na hiar-bhunscoile sa bhliain chéanna, i gColáiste Pobail Mhaigh Nuad agus i nGaelcholáiste Dáibhís, Máigh Eala. Bunaíodh Gaelcholáiste nua amháin, Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, ag leibhéal na hiar-bhunscoile sa bhliain 2015.

Soláthar bunscoile

Ag leibhéal na bunscoile, is ar bhonn tosa déimeagrafacha, éileamh ó thuismitheoirí agus iarratais ar phátrúnacht ó phátrúin fhéideartha a dhéanfar cinneadh maidir leis an ngá le Gaelscoil i limistéir ina bhfuil an daonra ag fás. I limistéir ina bhfuil an daonra ag fanacht seasta, éascóidh ROS dídhílsiú scoileanna Béarla atá ann cheana féin go dtí pátrúin nua, iad siúd a bhunóidh Gaelscoil san áireamh. Rogha eile a bhfuil sé i gceist ag an ROS í a fhiosrú ná coincheap na scoile satailíte, áit a roinneann aonad lán-Ghaeilge foirgneamh le scoil lán-Bhéarla ach go mbíonn sé á bhainistiú ag máthairscoil lán-Ghaeilge atá lonnaithe in áit eile.

Soláthar iar-bhunscoile

Tá an ROS meáite ar oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ag cur dhá rud san áireamh – éileamh a bheith ar sholáthar den sórt sin sa limistéar agus na hacmhainní a bheith ar fáil. Leanfaidh an ROS de bheith ag sainaitheint limistéar ina bhfuil gá le scoil lán-Ghaeilge nua neamhspleách, de réir tairseach éilimh (.i. 400 scoláire), líon atá cuid mhaith níos ísle ná an líon coibhéiseach do scoileanna lán-Bhéarla (i.e idir 800 agus 1,000 scoláire). I limistéir nach mbaineann an t-éileamh ar oideachas trí mheán na Gaeilge an tairseach sin amach iontu, cuirtear san áireamh roghanna eile ar nós aonaid lán-Ghaeilge agus sruthanna lán-Ghaeilge a bheith ceangailte le scoil lán-

Bhéarla. A mhéad agus a bheidh scoláirí tumtha sa Ghaeilge in aonaid agus i sruthanna, beidh sé sin ag brath ar thosca éagsúla a bhfuil baint acu lena chéile, m.sh. tacaíocht ó bhainistíocht na hóstscóile, leibhéal an éilimh ar theagasc trí mheán na Gaeilge sa scoil, pleanáil na scoile uile agus na socruithe atá i bhfeidhm maidir le hacmhainní teagasc a leithdháileadh.

10. Athbhreithniú ar dhíolúintí ón nGaeilge

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ar dhíolúintí ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tugann na cás-staidéir a rinneadh le linn an athbhreithnithe léargas cuimsitheach ar an gcleachtas reatha. Mar chuid den athbhreithniú seo, bailíodh sonraí maidir leis an mbonn ar ar iarradh, ar tugadh, agus ar diúltaíodh díolúintí ag leibhéal na scoile. Tabharfaidh na sonraí seo léargas ar na treochtaí agus na himpleachtaí i soláthar díolúintí maidir le roghanna curaclaim (teangacha eile san áireamh) na ndaltaí/scoláirí ar tugadh díolúintí dóibh agus na torthaí a fuair siad ina gcuid scrúduithe.

Mar thoradh ar athbhreithniú na ROS, tá anailís á déanamh ar na torthaí agus tá tuarascáil á hullmhú. Cuideoidh an tuarascáil le dréachtchiorclán nua a réiteach agus tabharfar na treoirínte do thuismitheoirí cothrom le dáta. Eiseofar iad sin le haghaidh comhairliúcháin agus, chuige sin, tionólfar cruinniú de na príomh-chomhpháirtithe chun an bealach chun cinn is fearr a dhéanamh amach. Táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú seo críochnaithe in 2016.

11. Beartas don Ghaeilge sa tseirbhís phoiblí

Tá réimse gealltanais i Scéim Ghaeilge 2013-2016 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le leibhéal inghlactha seirbhíse trí Ghaeilge a sholáthar. Is ceanglas de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla é go gcuireann Ranna Rialtais cáipéisí a leagann amach tograí beartais phoiblí, tuarascálacha bliantúla, ráitis straitéise, agus ábhar a meastar go bhfuil mórthábhacht phoiblí ag baint leis, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Ina theannta sin, tá uimhir theileafóin thiomnaithe curtha ar fáil ar bhonn píolótach le haghaidh ceisteanna i nGaeilge ón bpobal. Is é cuspóir na seirbhíse seo ná céadphointe teagmhála i nGaeilge a chur ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge. Cuireann Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne na ROS oiliúint chuí sa Ghaeilge ar fáil le go mbeidh an fhoireann ar fad in ann riachtanais tosaíochta ghnó a chomhlíonadh.

Aithníonn an ROS go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh líon áirithe foirne sa ROS atá líofa sa teanga agus in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

Sa chomhthéacs sin, chuir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) in iúl go mbeadh gá le síceolaithe oideachais dátheangacha i suíomhanna réigiúnacha áirithe agus chuir an tseirbhís oiliúint ar fáil dá síceolaithe. I gcomhréir le beartas an Rialtais, aithneofar i scéimeanna teanga de chuid na ROS amach anseo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla na poist/réimsí lena mbaineann riachtanais inniúlachta sa Ghaeilge.

Táthar ag leanacht sa Chigireacht le feabhas a chur ar an tseirbhís chigireachta dhátheangach atá á soláthar cheana féin agus le feabhas a chur ar chumas na Cigireachta le seirbhís trí Ghaeilge a sheachadadh.

Sa tréimhse 2013-2015, thug cigirí de chuid na ROS cuairteanna meastóireachta agus/nó cuairteanna tacaíochta le haghaidh féin-mheastóireachta trí Ghaeilge ar bhreis agus dhá thrian de na bunscoileanna lán-Ghaeilge agus breis is trí cheathrú de na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Sa tréimhse chéanna, thug baill den Chigireacht cuairteanna meastóireachta agus/nó cuairteanna tacaíochta le haghaidh féin-mheastóireachta trí Ghaeilge ar suas le dhá thrian de na bunscoileanna agus ar fhoirmhór mór (92%) de na hiar-bhunscoileanna atá lonnaithe sna limistéir

Ghaeltachta. I gcás formhór na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar tugadh cuairt orthu sa tréimhse seo, bhí níos mó ná cuairt amháin i gceist.

Táthar ag leanacht sa Chigireacht le cigirí a cheapdh ag leibhéal an ghráid earcaíochta d'fhonn leanúint le seirbhís a sholáthar i nGaeilge agus í a fheabhsú. Mar chuid den Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach sa Chigireacht, táthar ag leanacht chomh maith le cur le cumas na foirne chun seirbhísí iniúchta a chur ar fáil i nGaeilge. Soláthraítear cúrsaí tumoideachais sa Ghaeltacht do chigirí chomh maith le cúrsaí teanga a reáchtáiltear in áit lárnach agus a dhíríonn ar chumarsáid bheacht agus éifeachtach i nGaeilge a fhorbairt. Cuirtear cúrsaí oiliúna eile ar fáil trí Ghaeilge do chigirí chomh maith chun tacú le cumas na foirne sa Chigireacht a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge agus iniúchtaí a dhéanamh trí Ghaeilge.

Faoi láthair, tá an ROS in ann na seirbhísí thuas a chur ar fáil trí Ghaeilge áit gur gá. Sa chás go dtiocfadh deacracht chun cinn sna réimsí seo amach anseo, déanfaidh an ROS machnamh ar chomórtas earcaíochta spriocdhírthe a reáchtáil ag a mbeidh sé riachtanach d'iarratasóir bheith inniúil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chomh maith leis na critéir ghairmiúla don phost a shásamh.

Tá Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne na ROS tiomanta do dheiseanna cuí oiliúna agus forbartha, oiliúint sa Ghaeilge san áireamh, a chur ar fáil don fhoireann go léir d'fhonn na riachtanais tosaíochta ghnó a fhreastal.

12. Conclúid

Is léir go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le cúig bliana anuas sna beartais oideachasúla a luaitear sa Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, go háirithe mar a bhaineann le forbairtí curaclaim agus measúnachta sa Ghaeilge, láidriú an oideachais lán-Ghaeilge, lena n-áirítear an t-oideachas sa Ghaeltacht, agus forbairtí in oideachas tosaigh agus forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí. Tá sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais agus Scileanna tógáil sa tréimhse romhainn ar an dul chun cinn atá déanta go dáta, na beartais atá ar bun a bhuanú sa chóras oideachais agus beartais nua a chur i bhfeidhm in am trátha.